

Srianta ar na meáin shóisialta



Eochairfhocail: reachtaíocht, scéim phíolótach, sparán digiteach, teicneolaíocht, intleacht shaorga


Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad a dhéanfaidh an reachtaíocht nua a thabharfaidh an rialtas isteach?
2. Cé leis a mbeidh rialtas na hÉireann ag obair leis an straitéis dhigiteach a fhorbairt?
3. Cén t-aoisghrúpa is mó a bhfuil an reachtaíocht nua seo dírithe? daoine óga faoi 16 bliana
4. Cén cur síos a dhéanann Antóin Ó Lachtnáin ar an sparán digiteach?
5. Cad a thabharfar isteach ar dtús sula gcuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm go hiomlán?
6. Cad a rinne tuismitheoirí agus scoileanna sna Clocha Liatha i gCill Mhantáin i mí Mheán Fómhair 2023?
7. An bhfuil éirithe le Gaelscoil na gCloch Liath cosc iomlán a chur ar na gutháin chliste, dar leis an bpríomhoide Rita Ní Thuathail?
8. Cén fáth a gceapann Rita a bhfuil sé deacair do thuismitheoirí cosc a chur ar na gutháin chliste?
9. Cad a dhéanfaidh an rialtas ar bhonn rialta amach anseo chun cos a choinneáil le hathruithe sa teicneolaíocht?
10. An gceapann tú gur cheart go mbeadh guthán cliste ag páistí faoi shé bliana déag d'aois? Cén fáth?




Gníomhaíocht Smaointeoireachta: críochnaigh na habairtí



Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas

Beidh dlí nua ag teacht isteach go luath chun srian	cosc a chur ar na gutháin phóca do pháistí bunscoile
Tá daoine áirithe in Éirinn a cheapann go mbaineann fadhbanna	diúltú d'achainí a bpáistí
Daoine óga faoi bhun sé bliana déag d'aois an t-aoisghrúpa ar a mbeidh	cos a choinneáil leis na hathruithe seo
B'iad tuismitheoirí agus scoileanna na gCloch Liath ba thúisce a rinne an-iarracht	leis an reachtaíocht nua seo a thabharfar isteach
Feiceann Rita Ní Thuathail nach bhfuil an fhadhb réitithe	athróidh siad an reachtaíocht, más gá.
Tuigeann Rita go maith cén fáth a mbíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí	a chur leis an bhfáil atá ag daoine óga ar na meáin shóisialta
Bíonn an teicneolaíocht de shíor ag athrú agus tá sé an-deacair ag polaiteoirí	an reachtaíocht nua seo dírithe
Coinneoidh polaiteoirí súil ghéar ar na hathruithe atá ag tarlú i saol na teicneolaíochta agus	go hiomlán fós mar feiceann sé daltaí na n-ardranganna ina scoil féin le gutháin chliste

Idirghníomhaíocht Labhartha:




Anois, ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí plé ar na gutháin chliste agus na meáin shóisialta. Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas libh an plé a threorú.

- An bhfuil guthán cliste agat?
- Cén aois a bhí tú nuair a fuair tú do chéad ghuthán cliste?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine atá ar comhaois leat féin nach bhfuil guthán cliste aige/aici?
- Cad iad na suímh idirlín is mó a mbaineann tú úsáid astu?
- An mbaineann tú úsáid as na meáin shóisialta? Cén suímh ó thaobh na meán sóisialta de a mbaineann tú úsáid rialta astu?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le guthán cliste a bheith agat?
- Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le guthán cliste a bheith agat?
- Cén méid ama ar an meán gach lá a chaitheann tú ar an nguthán cliste?
- Conas a bhraitheann tú nuair atá an-chuid ama caite agat ar an nguthán an lá sin?
- Conas a bhraitheann tú nuair nach gcaitheann tú ach fórbheagán ama ar do ghuthán póca ar lá áirithe?
- An gceapann tú go mbeifeá in ann lá/cúpla lá/seachtain/mí a chaitheamh gan aon ghuthán cliste?



Freagraí



1. Cuirfidh sí srian leis an bhfáil atá ag daoine óga ar na meáin shóisialta
2. Tíortha eile san Aontas Eorpach
3. Daoine óga faoi 16 bliana
4. Deir sé nach bhfuil sé aibí, is teicneolaíocht an-nua é agus níl cosaint cheart aici ón dlí
5. Scéim phíolótach
6. Cosc a chur ar ghuthán cliste do ghasúir faoi 12
7. Níl
8. Mar tá sé an-deacair no a rá nuair a cheapann siad go bhfuil na gléasanna seo ag chuire dhuine eile
9. Athbhreithniú go rialta ar na dlíthe nua

- Beidh dlí nua ag teacht isteach go luath chun srian a chur leis an bhfáil atá ag daoine óga ar na meáin shóisialta
- Tá daoine áirithe in Éirinn a cheapann go mbaineann fadhbanna leis an reachtaíocht nua seo a thabharfar isteach
- Daoine óga faoi bhun sé bliana déag d'aois an t-aoisghrúpa ar a mbeidh an reachtaíocht nua seo dírithe
- B'iad tuismitheoirí agus scoileanna na gCloch Liath ba thúisce a rinne an-iarracht cosc a chur ar na gutháin phóca do pháistí bunscoile
- Feiceann Rita Ní Thuathail nach bhfuil an fhadhb réitithe go hiomlán fós mar feiceann sé daltaí na n-ardranganna ina scoil féin le gutháin chliste
- Tuigeann Rita go maith cén fáth a mbíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí diúltú d'achainí a bpáistí
- Bíonn an teicneolaíocht de shíor ag athrú agus tá sé an-deacair ag polaiteoirí cos a choinneáil leis na hathruithe seo
- Coinneoidh polaiteoirí súil ghéar ar na hathruithe atá ag tarlú i saol na teicneolaíochta agus athróidh siad an reachtaíocht, más gá.